

Tuairisc 2017

Ár Misean

Cúraim na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Feidhmeanna reachtúla:

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta
- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge
- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann leis na cúraim seo
- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann

- le múineadh na Gaeilge,
- le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin,
- le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

Ráiteas an CHathaoirligh ar Dhualgais an Bhoird

Ráiteas ar Rialú Inmheánach –

Thar ceann Bhoird COGG dearbhaím go bhfuil córais rialaithe airgeadais inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm ag COGG agus go bhfuil an Bord freagrach as na córais sin. Dearbhaítear go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe seo. Glactar leis, áfach, nach féidir le córas den chineál seo ach urrús réasúnta a sholáthar, seachas urrús daingean, in aghaidh earráide ábhartha.

Dearbhaítear gur cuireadh Ráitis Airgeadais 2017 faoi bhráid an Bhoird ar an Mháirt 24 Aibreán 2018 agus gur glacadh leo mar chuntas cruinn agus fírinneach ar ioncam agus caiteachas COGG.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú tríd seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iníúcháireachta & Riosca a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí na nithe seo a leanas:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a meastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- gur gá córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithnítear agus a chomhaontaíonn an Bord leis an bhFeidhmeannas
- ráiteas faoi shreabhadh airgid ag gach cruinniú Bhoird le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra
- córas cuntasáíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá pacáiste cuntasáíochta (SAGE) in úsáid ag an bhFeidhmeannas chun na rialuithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe agus gnólacht iniúcháirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh agus seachtrach. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus seachtrach de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus déantar gach iarracht cloí leis an gCód Cleachtais Géilliúlachta agus Maoluithe. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe ag an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca agus faoi réir faomhadh an Bhoird.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Deimhním go gcloítear le rialacha an státchórais maidir le costais taistil
Deimhním gur foilsíodh tuairisc d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 roimh 30 Meitheamh 2017

Maidir le laigí sa chóras, aithnítear go bhfuil rioscaí áirithe ag baint le foireann chomh beag ag plé le hairgeadas COGG. Os rud é nach bhfuil ar an bhfoireann ach riarthóir amháin (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), bíonn an té sin freagrach as gach a bhaineann le cuntais, íocaíochtaí agus airgeadas, chomh maith le réimse an-leathan freagrachtaí eile. Aithnítear go bhfuil gá ag COGG le méadú foirne agus go mbeadh na fostaithe sin fostaithe ag COGG seachas ag áisíneachtaí eile.

Bord 2015-2018

Donal Ó hAiniféin	Cathaoirleach ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna
Yvonne Ní Mhurchú (go samhradh 2017)	Leas-chathaoirleach. Ionadaí tuismitheoirí na nGaelscoileanna GAELOIDEACHAS Tta.
Cathnia Ó Muircheartaigh	Ionadaí na nGaelscoileanna GAELOIDEACHAS Tta.
Deirbhile Nic Craith	Ionadaí INTO
Robbie Cronin	Ionadaí ASTI
Séamus Ó Fearraigh	Ionadaí TUI
Dairóna Nic Con Iomaire	Ionadaí Scoileanna na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta)
Aindreas Ó Muimhneachán (go samhradh 2016) Aodh Mac Craith (ó samhradh 2016)	Ionadaí Thuismitheoirí na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta)
Sinéad Ní Chill Chainnigh	Ionadaí Foras na Gaeilge
Elaine Ní Neachtain	Ionadaí CNCM
Rita Nic Amhlaobh	Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna
Seán Mac Nía	CCEA Comhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann.

Foireann

Muireann Ní Mhóráin

Pól Ó Cainín

Máire Nic an Rí

Pádraig Ó Beaglaoich

Mait Ó Brádaigh

Mícheál S Mac Donnacha

Príomhfheidhmeannach

Eagarthóir/ Cúntóir Taighde

Oifigeach Oideachais

Oifigeach Oideachais

Oifigeach Oideachais (ó Mheán Fómhair 2017)

Oifigeach Oideachais (ó Mheán Fómhair 2017)

Buiséad ón Roinn Oideachais agus Scileanna

2002	€253,396
2003	€291,501
2004	€417,463
2005	€721,704
2006	€983,560
2007	€1.245m
2008	€1.245m
2009	€1.238m
2010	€1.234m
2011	€1.386m
2012	€1.3m
2013	€1.3m
2014	€1.35m
2015	€1.35m
2016	€1.46m
2017	€1.747m

Ba é €1.747m ioncam iomlán COGG sa bhliain 2017 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, €155,000 mar chistiú don Pholasáí don Oideachas Gaeltachta agus €78,452 ó dhíolachán foilseachán.

Is as an mbuiséad seo a íoctar: tuarastail foirne, seachas na hOifigigh Oideachais Gaeltachta, agus táillí conraitheoirí agus comhairleoirí; gach costas a bhaineann le cíos, riarachán, foilseachán, forbairt ghairmiúil, teicneolaíocht fhaisnéise, forbairt áiseanna, taighde; costais a bhaineann le cruinnithe COGG agus a fochoistí, lena n-áirítear costais taistil agus cothabhála; eagrú cúrsaí; an taispeántas taistil agus eile.

Cur chuige

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a chomhlíonann COGG mórchuid dá feidhmeanna reachtúla, ar a n-áirítear;

- Bainistiú ar shuíomh gréasáin COGG, ar an mbunachar áiseanna, ar an ionad áiseanna, ar an taispeántas taistil, ar na foilseacháin eolais, ar an suíomh www.ceacht.ie, ar na páipéir triailscrúduithe, ar an leagan Gaeilge de *Eureka*, ar eagarthóireacht *Ar Fheabhas*, ar dháileadh *Breacadh*, i measc a lán tionscadal eile.
- Fógraítear cuirí chun tairisceana d'fhoilsitheoirí oideachasúla le leaganacha Gaeilge de théacsleabhair agus áiseanna teagaisc eile a chur ar fáil.

- Fógraítear scéim mhaoinithe do chomhlachtaí, d'institiúidí agus do dhaoine aonair le háiseanna foghlama a chur ar fáil.
- Fáiltítear roimh bhunábhar ó mhúinteoirí don suíomh www.cogg.ie agus foilsítear cuid den ábhar seo freisin i bhfoirm leabhar.
- Tá painéal aistritheoirí le hardscileanna in aistriúchán ábhair do pháistí agus do dhaltaí iar-bhunscoile forbartha ag COGG agus leagtar an-bhéim ar oiriúnacht na teanga don léitheoir.
- Fógraítear scéim sparánachtaí taighde agus foilsítear tuarascálacha an taighde sin.
- Déantar plé le múinteoirí sna scoileanna lena riachtanais ó thaobh áiseanna foghlama agus teagaisc a mheas.
- Téitear i gcomhairle le príomhoidí, múinteoirí, an chigireacht, stiúrthóirí na nIonad Oideachais, coláistí 3u leibhéal agus le daoine eile maidir lena riachtanais tacaíochta agus cuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil.

Comhpháirtíocht Thuaidh Theas

Déantar gach iarracht, ag leibhéal na bunscoile ach go háirithe oibriú i bpáirt le CCEA agus An tÁisaonad i dTuaisceart Éireann, ar mhaithe le roinnt acmhainní agus luach ar airgead.

Dátaí cruinnithe 2017:

2 Feabhra

21 Márta

16 Bealtaine

21 Meitheamh

12 Nollaig

Freastal ar chruinnithe**Cruinnithe 2017**

Ainm	Líon cruinnithe
Dónal Ó hAiniféin	5/5
Cathnia Ó Muircheartaigh	4/5
Robbie Cronin	3/5
Yvonne Ní Mhurchú (go samhradh 17)	3/5
Deirbhile Nic Craith	4/5
Seán Mac Nic	4/5
Rita Nic Amhlaobh	5/5
Elaine Ní Neachtain (Saoire máithreachais)	0/5
Sinéad Nic Giolla Chionnaigh	3/5
Séamus Ó Fearraigh	5/5
Aodh Mac Craith	2/5
Dairíona Nic Con Iomaire	3/5

Bord COGG**Costais a íacadh**

Ainm	Costais Taistil & Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí i 2017 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle
Dónal Ó hAiniféin	€5,457.17 (cruinnithe seachtracha, agallaimh agus eile)
Cathnia Ó Muircheartaigh	€ 0
Robbie Cronin	€ 0
Yvonne Ní Mhurchú	€773.28
Deirbhile Nic Craith	€ 0
Seán Mac Nía	€993.86
Aodh Mac Craith	€582.67
Elaine Ní Neachtain	€ 0
Sinéad Nic Giolla Chionnaigh	€ 0
Séamus Ó Fearraigh	€ 1,944.32
Rita Nic Amhlaobh	€ 0
Dairíona Nic Con Iomaire	€ 0

Luach saothair

Ní íoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le Cathaoirleach, le leas-Chathaoirleach ná le haon chomhalta de bhord COGG.

Íoctar an Príomhfheidhmeannach de réir scála tuarastail Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (Cigire Sinsearach)

Pointe Breisiú Fadseirbhíse 2: €93,485

Níl aon scéim íocaíochtaí bhónais i bhfeidhm d'aon bhall foirne.

Costais Taistil **€37,728.87** a íocadh leis an bhfoireann le linn 2017.

Baineann **€12,235.07** de seo leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta idir Meán Fómhair agus Nollaig 2017.

Caitheadh €7,157.27 ar Shaincomhairleoireacht i 2017.

Ní raibh aon chaiteachas ar fháilteachas corparáideach ag COGG i 2017

Ní raibh aon chostas Dlí ag COGG i 2017

Coistí COGG

Coiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca

Faoi théarmaí an Chóid Chleachtais do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúchta le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Tá Téarmaí tagartha an Choiste aontaithe agus is gá 4 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana. Bíonn tuairisc ón gCoiste Iniúcháireachta ar chlár chruinnithe bhord COGG.

Feidhm reachtúil 1

- **Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú**

TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA EILE A D'FHOILSIGH COGG i 2017 NÓ A FOILSÍODH I gCOMHPHÁIRT

- **An Leabhrán Áiseanna 13**
Eolas cruinn do bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge.
- **An Leabhrán Áiseanna 13**
Eolas cruinn d'iar-bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge.
- **Oscail & Léigh, Eagrán 7**
Eolas cruinn faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna do theagasc na Gaeilge.
- **Liostaí Leabhar 2018/19**
Bróisiúr seolta chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ag léiriú na dtéacsleabhar atá ar fáil le cur ar liosta leabhar na ndaltaí
- **Gaeilge na Sraithe Sóisearaí**
Pacáiste foghlama do dhaltaí na chéad bliana agus treoir do mhúinteoirí maidir leis an sonraíocht nua do scoileanna T1.
- **Am Gnó**
Téacsleabhar agus Leabhar Saothair in oiriúint do shonraíocht nua na Sraithe Shóisearaí
- **Fiosrú na hEolaíochta**
Téacsleabhar agus Leabhar Saothair in oiriúint do shonraíocht nua na Sraithe Shóisearaí
- **Triailscrúduithe**
Páipéir do thriailscrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta i réimse leathan ábhar

- **Iarpháipéir scrúdaithe**
Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
- **Ar Fheabhas** - forlónadh do Ghaeilge na hArdteiste san Irish Independent
- **Splanc!** Foilseachán don idirbhliain – 3 chaibidil in aghaidh na scoilbhliana
- **Breacadh** - Dáileadh na nuachtirise ar scoileanna
- **eLeathanach** – eLeathanach: nuachtlitir sheachtainiúil
- **www.léighleat.com** – ábhar ar líne le haghaidh na mbunscoileanna
- **www.anmuinteoir.ie** - ábhar ar líne le haghaidh na mbunscoileanna
- Activate Speech: **Áiseanna urlabhra agus Teanga**
- **Aplúd, Dín an Dorn – Lámha Síos!** (Cluiche boird)
- Ashmore Learning Solutions: **Póstaeir**
- Clever Mind Toys: **Ceisteanna eolaíochta**
- Cló Iar-Chonnacht: **Dónall Dána** (5 leabhar), **An Seachtar Stuama** (5 leabhar)
- Cois Life: **Cillian ag comhaireamh**
- Comhar Teoranta: **ComharÓg** (trí eagrán sa bhliain)
- Eipic!: **Iris mhíosúil do bhunscoileanna**
- Eoghan Mac Cormaic: **Líon an Bhearna**
- Futa Fata: **An Billiúnaí Beag**
- Gael Linn: **Splanc** (3 eagrán)
- Giglets Education: **10 Scéal ar líne**
- Glór na nGael: **Fios Feasa** (Cluiche boird)
- Horst Punzet: **Freagraí ar Mhata Ardleibhéal na hArdteistiméireachta**

- Leabhar Breac: **Na Cailleacha** le Roald Dahl, **An Leathanach Bán**, **Níotú** (3 leabhar)
- Léighleat: **Fónaic**, **Jimín**, **7 scéal an Phiarsaigh**
- Macalla Teoranta: **Tiúibíní** (físeáin dírithe ar pháistí réamhscoile)
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne: **Orla Uain agus na Spideoga**
- Poolbeg Press Ltd: **Charles Stewart Parnell** agus **Michael Davitt**
- Seachtain na Gaeilge: **Pacáiste Tacaíochta**
- Séadhna Mac Gabhann: **Focal Fada** (Cluiche Cártaí)
- Suzanne Parkinson: **Mise mar fhoghlaimoír**
- Tuairisc Bheo Teoranta: **Acmhainní ilmheáin**

Feidhm reachtúil 2

Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
Bhí ról lárnach ag COGG sa chomhairliúchán agus i bhforbairt agus i bhfoilsíú an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2016 agus in eagrú cruinnithe le príomhoidí na scoileanna Gaeltachta.

In 2016 cuireadh comhairle ar fáil nó aighneachtaí faoi bhráid:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Foras na Gaeilge
- Oifig an Choimisinéara Teanga
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- An Foras Taighde ar Oideachas

D'fhreastail ionadaí ó COGG ar na coistí/grúpaí seo a leanas:

- Grúpa Ardleibhéal na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
- An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas
- An Coiste Áiseanna, Tacaíochta, Oiliúna agus Curaclaim (Tuaisceart Éireann)
- Bord Staidéir na Sraithe Shóisearaí (CNCM)
- Meitheal Forbartha an Churaclaim Bunscoile

Tá príomhfheidhmeannach COGG ina ball de Bhord Ghobharnóirí Institiúid Oideachais Marino agus ina comhalta boird de Chomhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann.

Feidhm reachtúil 3

- **Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge**

SEIRBHÍSÍ TACA:

- www.cogg.ie

Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le tuarascálacha taighde, nuacht agus ábhar eile.

Bíonn teacht ar thriailpháipéir do na scrúduithe stáit ar eislíon ar an suíomh.

Tá tairseach thiomnaithe tacaíochta agus acmhainne á fhorbairt mar ghné den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

- **Ionad Áiseanna**

Tá Ionad Áiseanna ag COGG le cóip amháin de na háiseanna atá ar fáil do theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge.

- **Taispeántas Taistil**

Ionad taispeántais a thugann cuairt ar scoileanna i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I 2017 tugadh 146 cuairt san iomlán ar bhunscoileanna Gaeltachta, lán-Ghaeilge agus Béarla, Iar-bhunscoileanna, Coláistí Oideachais, cúrsaí d'ábhar oidí, comhdhálacha agus ceardlanna a bhain leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i rith 2017.

- **Cúrsaí Gaeilge**

D'fhreastail 60 múinteoir ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 12 síceolaí ar chúrsa Gaeilge a chuir COGG, i gcomhpháirt Gael-Linn, ar fáil i Lúnasa 2017.

- **An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge**

Cuireadh sparánachtaí ar fáil d'iarchéimithe a thug faoin gcúrsa seo i gColáiste Mhuire gan Smál.

- **Cúrsaí agus cuir i láthair**

Cuireadh Lá Eolais agus Oiliúna bunaithe ar an ábhar agus na háiseanna i láthair do mhúinteoirí Chonamara i gcomhthéacs an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta sna Forbacha agus i dTrá Lí

Cuireadh Lá Oiliúna maidir le *Mar a Déarfá* ar siúl sa Mhuileann gCearr

Rinneadh cur i láthair ar Acmhainní Teagaisc na Gaeilge ag Comhdháil IPPN, Comhdháil CESI, Comhdháil TFC san Oideachas, Comhdháil Oideachais CMÉ, Ionad Oideachais an Chabháin & Ionad Oideachais Mhuineacháin

Tugadh ionchur ar Mhata sna Bunranganna & Réidh, Socair, Déan ag Comhdháil chigirí bunscoile na Roinne Oideachais

- Rinneadh cur i láthair ar Spreagadh na Léitheoireachta ag Tionól Forbartha COGG/Gaeloideachas
- **Liosta Iomlán Áiseanna Teagaisc**
Rinneadh nua-shonrú ar na heolairí do bhunscoileanna agus do iar-bhunscoileanna
- **Liostaí théacsleabhar**
Seoladh bróisiúr chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna.
- **Oscail&Léigh**
Seoladh cóipeanna den leabhrán ‘Oscail&Léigh’ (liosta de gach áis teagaisc i nGaeilge) chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa tír.
- **Intouch**
Cuireadh alt ar fáil do gach eagrán den iris ag cur síos ar úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge.
- **Triailpháipéir na scrúduithe stáit**
Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de 40 páipéar triailscrúduithe éagsúla don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.
- **Sintéis na Gaeilge**
Leanadh leis an bhforbairt seo le linn 2017. Is áis í CABAIRE a chuirfidh le forbairt na litearthachta i measc phobal na Gaeilge. Cuirfidh sé ar chumas an fhoghlaimora éisteacht le haon téacs digiteach.
- **Aistriúchán agus eagarthóireacht**
Cuirtear seirbhís aistriúcháin agus eagarthóireachta ar fáil do dhaoine aonair, do ranna stáit agus comhlachtaí príobháideacha d’ábhar oideachasúil i nGaeilge.
- **Breacadh**
Díoladh agus dáileadh trí eagrán den nuachtiris ar scoileanna
- **Glór na nGael**
Cuireadh duais ar fáil don iar-bhunscoil Bhéarla is fearr ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge .

Feidhm reachtúil 4

- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann lena cúraim

Taighde a foilsíodh I 2017:

Barnes, Emily, Dyslexia Assessment and Reading Interventions for Pupils in Irish Medium Education: Insights into current practice and considerations for improvement.

Dunne, Claire M. agus Hickey, Tina, Cleachtais agus Roghanna Léitheoireachta an Aosa Óig Ní Dhiorbháin, Aisling, Oideolaíochtaí um Theagasc an Léireolais do Bhunmhúinteoirí Faoi Oiliúint (MFO)

Ní Mhaonaigh, Siuán, Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdeistiméireachta: Anailís ar a dTionchar Tuarascáil Taighde 2, Samhain 2017

Taighde a maoiníodh roimh 2017 agus atá ar siúl fós

Neachtain, Caitlín, Tionchar acmhainn dhiagnóiseach teanga ar chumas Gaeilge in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí

Ní Ghloinn, Aoife, Corpas Foghlaimeora Theastas Eorpach na Gaeilge & Tionscadal Próifílithe na Gaeilge

Ní Ghuidhir, Sinéad, Iniúchadh ar an gCur chuige CLIL sa Ghaeloideachas

Ó Coileáin, Colm, Webinar-Enabled Irish-Language Continuing Professional Development promoting Inquiry-Based Learning for Science Teachers who teach through Irish

Ó Duibhir, Pádraig & Shiels, Gerry, Taighde Fadtréimhseach ar Ghnóthachtáil agus ar Dhearcadh na nDaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge le Stádas DEIS

Ó Duibhir, Pádraig & Travers, Joe, Tacaíocht foghlama do pháistí le deacrachtaí/míchumais foghlama i suímh tumoideachais in Éirinn

Ó Meachair, Mícheál John, Anailís Chorpasteangeolaíoch ar Acmhainní Oideachais Gaeilge

Seoighe, Fergus, Éifeacht atá ag CLIL ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge i mBunscoileanna T2 in Éirinn

Taighde a maoiníodh in 2017

Harney, Aidan, A review and report of the effectiveness of Apps and Webgames in the area of education through Irish or in the area of teaching Irish.

Mac Ardghail, Breandán, Deiseanna agus Dúshláin: Staidéar comparáideach ar chleachtas FCÁT i measc múinteoirí tumoideachais i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn agus scoileanna Bascise i bPobal Neamhspleách na mBascach

Mac Uidhillin, Niall, Saibhriú na Gaeilge agus spreagadh a húsáide i measc dhaltaí ardranganna na mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

Ní Riain, Isobel, Fiosrú ar na deacrachtaí a bhaineann le labhairt i nGaeilge i measc mac léinn ollscoile agus treoracha a thabhairt ar conas na deacrachtaí seo a shárú.

Ó Ceallaigh, TJ & Ó Laoire, Muiris, Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscóil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh

Ó Murchú, Gavin, Exploring how the leadership of Irish-medium schools perceives their role as leaders

Renison, Emily A., Riachtanais ábhar oidí i leith na Gaeilge

Wylie, Judith, Ní Thuairisg, Laoise agus Ó Duibhir, Pádraig, Buntáistí agus dúshlán teanga atá ag iar-scoláirí na n-iarbhunscóileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstitiúid tríú leibhéal.